

Cúrsaí Eacnamaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin laghdú atá tagtha ar phraghsanna tithe agus árasán le déanaí. Sula bhféachann tú ar an mír, déan plé leis an duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agaibh faoin scéal seo cheana féin.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Central Statistics Office _____
Software Company _____
Research and Development _____
Investment Program _____
Supermarket _____
Carbon free _____
Harmless _____
Environment _____
Financial services _____
Design centre _____
Consumer _____
Energy Bills _____

Ceist 3 (a) Anois, an féidir leat féin agus an duine in aice leat mír nuachta a chumadh ag baint úsáide as na focail i gceist 2 thuas?

(b) Féachaigí ar an mír anois agus déanaigí plé le chéile ar conas mar a bhí an mhír difriúil ón méid a bhí agaibh féin.

Ceist 4 Éist leis an mír den dara huair agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt trí na bearnaí thíos a líonadh.

1. De réir figiúirí ón bPríomhoifig Staidrimh, thit praghsanna _____% i Mí Dheireadh Fómhair.
2. Tá praghas na dtithe _____% níos ísle anois ná mar a bhí i 2007.
3. Tá comhlacht _____ le 35 post a chruthú sa phríomhchathair.
4. Tá foireann nua _____ agus _____ á chur ar bun ag an gcomhlacht bogearraí Misys.
5. Beidh scileanna d'ardchaighdeán ag teastáil ó na _____ bogearraí a _____.
6. Tá súil ag an gcomhlacht Procad Engineering i Luimneach freisin _____ bpost nua a chruthú taobh istigh d' _____.
7. Inniu sheol an _____ Michael Noonan, Energy Point

Ceist 5

'Is poist taighde agus forbartha a chruthófar'

a) Cén fhoirm den bhriathar atá i gceist le *'cruthófar'* thuas.

b) Déan iarracht na lúbíní a bhaint agus an fhoirm cheart den saorbhriathar a chur isteach.

(Las) an teach sin aréir.

(Déan) é sin gach lá fadó.

(Oscail) an doras ar a hocht gach oíche.

(Dún) na geataí níos déanaí.

(Glaigh) ar thuismitheoirí má bhíonn na daltaí dána.

(Ní cead) bia sa seomra amach anseo.

c) Anois déan iarracht na habairtí thíos a aistriú go Gaeilge:

The cup was cleaned.

A bike was stolen last night.

The place is decorated every Christmas.

The tea is drunk every night at nine o'clock.

The house will be built next year.

The bill will be paid tomorrow.

'ocht mí dhéag'

d) Cén fáth go bhfuil séimhiú ar déag?

e) Déan iarracht an leagan ceart de na huimhreacha thíos a scríobh.

14 x duine

19 x gloine

11 x seastán

17 x asal

13 x teach

18 x geata

12 x cóta

16 x pota

15 x leoraí

f) *'an tAire Airgeadais'*

Cur Gaeilge orthu seo a leanas

The Minister for Education and Skills

The Minister for Health

Minister for the Gaeltacht

Department for Public Expenditure and Reform

The Minister for Transport, Tourism and Sport

Ceist 6

a) Déan plé ar na ceistanna seo a leanas:

An bolscaireacht atá sa mhír le droch-staid na tíre a cheilt?

An bhfuil an iomarca brú ar mhuintir na hÉireann a dtithe féin a bheith acu?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

Central Statistics Office	_____	An Phríomhoifig Staidrimh
Software Company	_____	Comhlacht bogearraí
Research and Development	_____	taighde agus forbairt
Investment Program	_____	clár infheistíochta
Supermarket	_____	Ollmhargadh
Carbon free	_____	gan charbóin
Harmless	_____	neamhdhíobhálach
Environment	_____	Comhshaol
Financial services	_____	Seirbhísí airgeadais
Design centre	_____	Ionad dearthóireachta
Consumer	_____	Tomhaltóir
Energy Bills	_____	Billí fuinnimh

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimoirí mír dá gcuid féin a chumadh sula bhfeicfidh siad an mhír. Is ceacht labhartha é seo. Cuir na míreanna a chruthaigh siad i gcomparáid leis an mír nuachta ansin.

Ceist 4

1. De réir figiúirí ón bPríomhoifig Staidrimh, thit praghsanna 22% i Mí Dheireadh Fómhair.
2. Tá praghsanna tithe 51% níos ísle anois ná mar a bhí i 2007.
3. Tá comhlacht bogearraí le 35 post a chruthú sa phríomhchathair.
4. Tá foireann nua taighde agus forbartha á chur ar bun ag an gcomhlacht bogearraí Misys
5. Beidh scileanna d'ardchaighdeán ag teastáil ó na hinnealtóirí bogearraí a fhostófar.
6. Tá súil ag an gcomhlacht Procad Engineering i Luimneach freisin deich bpost nua a chruthú taobh istigh d'ocht mí dhéag.
7. Inniu sheol an tAire Airgeadais Michael Noonan, Energy Point.

Ceist 5

a) *'Is poist taighde agus forbartha a **chruthófar**'*

An briathar saor, aimsir fháistineach atá i gceist.

b) Déan iarracht na lúbíní a bhaint agus an fhoirm cheart den saorbhriathar a chur isteach.

Lasadh an teach sin aréir.

Dhéantaí é sin gach lá fadó.

Osclaítear an doras ar a hocht gach oíche.

Dúnfar na geataí níos déanaí.

Glaofar ar tuismitheoirí má bhíonn na daltaí dána.

Ní cheadófar bia sa seomra amach anseo.

c)

Glanadh an cupán

Goideadh rothar aréir

Maisítear an áit gach Nollaig

Óltar an tae ar a naoi a chlog gach oíche

Tógfar an teach an bhliain seo chugainn

Íocfar an bille amárach

d) Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta, séimhítear déag. Is eisceacht é an focal 'bliana'

e)	14 x duine	<u>Ceithre dhuine dhéag</u>
	19 x gloine	<u>Naoi ngloine dhéag</u>
	11 x seastán	<u>Aon seastán déag</u>
	17 x asal	<u>Seacht n-asal déag</u>
	13 x teach	<u>Trí theach déag</u>
	18 x geata	<u>Ocht ngeata dhéag</u>
	12 x cóta	<u>Dhá chóta dhéag</u>
	16 x pota	<u>Sé phota dhéag</u>
	15 x leoraí	<u>Cúig leoraí dhéag</u>

f) An tAire Oideachais agus Scileanna
An tAire Sláinte
An tAire Gaeltachta
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Thit praghsanna tithe agus árasán níos mó an mhí seo caite ná aon mhí eile le dhá bhliain go leith. De réir figiúirí ón bPríomhoifig Staidrimh, thit praghsanna 2.2% i Mí Dheireadhⁱ Fómhair. Is i mBaile Átha Cliath atá an titim is mó, tá praghsanna tithe 51% níos ísle ansin ná mar a bhí i 2007 agus praghsanna árasán 60% níos ísle .

Tá dhá chéad go leith post nua fógarthaⁱⁱ i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath. Tá comhlacht bogearraí le 35 post a chruthú sa phríomhchathairⁱⁱⁱ agus fostófar céad go leith duine i siopa nua atá oscailte ag Tesco i gCabrach. Tá 70 post taighde is forbartha fógartha^{iv} i Luimneach sa chomhlacht^v ON Semi-Conductor freisin.

Catherine Ní Ghuairim

Sa Chabrach i mBaile Átha Cliath inniu osclaíodh go hoifigiúil siopa nua le Tesco. Tá céad caoga post nua cruthaithe sa siopa seo, cuid de chlár infheistíochta 120 milliún euro an chomhlachta sa tír seo, an chéad ollmhargadh gan charbóin sa tír atá anseo, a deir Tesco. Deir siad go bhfuil teicneolaíocht neamhdhíobhálach don chomhshaol atá ceannródaíoch á húsáid sa siopa féin.

Tá foireann nua taighde agus forbartha á chur ar bun ag an gcomhlacht bogearraí Misys i mBaile Átha Cliath. Cruthófar tríocha cúig post. Is bogearraí do sheirbhísí airgeadais a dhéanann Misys forbairt orthu. Tá céad duine fostaithe acu i mBaile Átha Cliath cheana féin, agus^{vi} fiche cúig innealtóir bogearraí agus deichniúr comhairleoirí atá Misys ag fostú an babhta seo. Beidh scileanna d'ardchaighdeán ag teastáil ó na hinnealtóirí bogearraí a fhostófar.

Agus i Luimneach tá beagnach 70 post á chruthú ag ON Semi Conductor. Tá an comhlacht ag infheistiú 13 milliún euro ina n-ionad deartha i Luimneach. Is poist^{vii} taighde agus forbartha a chruthófar le dul ag obair ar thogra maidir le réitigh níos éifeachtúla i dtaobh cumhachta le húsáid i bhfeidhmchlár tomhaltóra agus ríomhaireachta. Tá súil ag an gcomhlacht Procad Engineering i Luimneach freisin deich bpost nua a chruthú taobh istigh d'ocht mí dhéag. Inniu sheol an tAire Airgeadais Michael Noonan, Energy Point. Seo tionscnamh fuinneamh nua a chuideoidh le gnólachtaí móra agus beaga a gcuid billí fuinnimh a laghdú . Tá ocht nduine dhéag fostaithe ag Procad Engineering cheana féin.

Catherine Ní Ghuairim, Nuacht Tg4

ⁱ Deireadh a deirtear

ⁱⁱ Fógraithe a deirtear

ⁱⁱⁱ Sa bpríomhchathair a deirtear

^{iv} Fógraithe a deirtear

^v Sa gcomhlacht a deirtear

^{vi} Is a deirtear

^{vii} Postanna a deirtear